Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile
An Cathaoirleach

20.3.2025

An tUas. Sven Simon
Cathaoirleach
An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú) (2021/0372 (CNS) – COM(2021)0732 – C10-0001/2024 – LIBE/10/00399)

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (Coiste LIBE) tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Sa chruinniú a bhí acu an 6 Márta 2025, chinn comhordaitheoirí Choiste LIBE an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach de bhun Riail 57(1) de na Rialacha Nós Imeachta. Phléigh Coiste LIBE an t-ábhar ag an gcruinniú[1] a bhí aige an 19 Márta agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin.

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Magdalena Adamowicz, Giuseppe Antoci, Konstantinos Arvanitis, Francisco Assis, Malik Azmani, Pernando Barrena Arza, Nikola Bartůšek, Hildegard Bentele, Ioan-Rareş Bogdan, Krzysztof Brejza, Sebastião Bugalho, Jorge Buxadé Villalba, Jaroslav Bžoch, Damien Carême, David Casa, Susanna Ceccardi, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Alessandro Ciriani, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Dick Erixon, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Branko Grims, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Fabienne Keller, Mary Khan, Moritz Körner, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Javier Moreno Sánchez, Ana Miguel Pedro, Emil Radev, Karlo Ressler, Chloé Ridel, Sandro Ruotolo, Nacho Sánchez Amor, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Alice Teodorescu Måwe, Georgiana Teodorescu, Pekka Toveri, Sebastian Tynkkynen, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Roberto Vannacci, Kristian Vigenin, Petar Volgin, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maciej Wąsik, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Isabel Wiseler-Lima, Lucia Yar, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh sa nós imeachta comhairliúcháin thuas an 14 Feabhra 2023 trí thromlach mór na vótaí a caitheadh. D'eisigh Coiste LIBE, mar choiste a thugann tuairim, a thuairim maidir leis an tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (Coiste AFCO), mar an coiste atá freagrach, an 26 Deireadh Fómhair 2022, trí thromlach mór dá chomhaltaí freisin. An 16 Bealtaine 2024, chinn an Chomhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint an athuair maidir leis an téacs a chomhaontaigh an Chomhairle. Chinn an Coiste LIBE tacú leis an moladh ón rapóirtéir don tuairim gur cheart do Choiste LIBE a thuairimí a sheoladh i bhfoirm litreach ón gCathaoirleach ina gcuirtear in iúl do Choiste AFCO gur mian leis Tuairim LIBE an 26 Deireadh Fómhair 2022 (2021/0372(CNS)), a glacadh i nós imeachta comhairliúcháin an téarma seo caite, a choimeád. Mar sin féin, tugann sé dá aire an téacs a chomhaontaigh an Chomhairle, agus aithníonn sé roinnt céimeanna dearfacha a glacadh i dtreo Thuairim LIBE.

Dá bhrí sin, iarrann Coiste LIBE ar Choiste AFCO, mar an coiste atá freagrach, a thuairimí a chur i gcuntas.

Le dea-mhéin,

Javier Zarzalejos

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.